AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, XXX
[…](2011) XXX dréacht

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**Achoimre Feidhmiúcháin ar an Measúnú Tionchair**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an Córas Eorpach um Fhaireachas ar Theorainneacha (EUROSUR)**

GA

GA

## 1. RÉAMHRÁ

D'ullmhaigh Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Baile (DG HOME) an tuarascáil seo faoin measúnú tionchair le gabháil leis an togra reachtach maidir le bunú an Chórais Eorpaigh um Fhaireachas ar Theorainneacha (EUROSUR).

Is féidir cur síos a dhéanamh ar EUROSUR mar shraith beart a fheabhsaíonn comhar agus malartú faisnéise idir údaráis um rialú teorainneacha ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach agus le linn dóibh a bheith ag oibriú i gcomhar le tríú tíortha comharsanachta freisin. Dá bharr sin, thiocfadh méadú suntasach ar fheasacht ar dhálaí éagsúla agus ar chumas freagartha na n-údarás sin agus iad ag dul i ngleic le himirce neamhrialta agus coireacht trasteorann. Ba cheart breathnú ar EUROSUR i gcomhthéacs samhail Eorpach um bainistíocht chomhtháite teorainneacha a bhunú go comhleanúnach feasta.

Tá na hoibreacha a rinneadh idir 2008 agus 2011 chun EUROSUR a fhorbairt, a thástáil agus a bhunú de réir a chéile bunaithe ar phlean oibre a tíolacadh i dTeachtaireacht ón gCoimisiún in 2008[1]. Maidir le EUROSUR mhaígh an Chomhairle Eorpach ina cuid conclúidí i mí an Mheithimh 2011 "go ndéanfar é a fhorbairt tuilleadh mar ábhar tosaíochta ionas go mbeidh sé ag feidhmiú faoi 2013 agus ionas go bhféadfaidh údaráis na mBallstát, a mbeidh gníomhaíochtaí faireachais ar theorainneacha ar bun acu, faisnéis oibríochtúil a roinnt agus comhar a fheabhsú."

## 2. AN FHADHB A SHAINIÚ

### 2.1. Fadhbanna ginearálta a bhíonn ann maidir le faireachas teorainneacha

*Imirce neamhrialta*

Tá an AE faoi bhrú suntasach ag imirce neamhrialta ag a chuid teorainneacha seachtracha. Le linn na chéad sé mhí de 2011, braitheadh 74 300 trasnú neamhúdaraithe ag teorainneacha agus rinneadh níos mó ná 96% díobh sin ag teorainneacha seachtracha na Spáinne, Mhálta, na hIodáile agus na Gréige. In ainneoin éifeachtaí comhordaithe Bhallstáit Frontex (an Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh) is minic a bhíonn deacrachtaí ag údaráis um rialú teorainneacha comhaontú maidir le cur chuige coiteann agus is iondúil go mbíonn roinnt ama ag teastáil uathu chun teacht ar fhreagra oibríochtúil iomchuí.

*Bás duine nó imirceach ar muir*

Tá méadú mór tagtha ar líon na n-imirceach agus na ndídeanaithe a bhánn san Aigéan Atlantach idir an Afraic agus na hOileáin Chanáracha agus sa Mheánmhuir mar gheall ar bháid bheaga neamhacmhainneacha a úsáid. Ní mór an ráta báis tragóideach seo a laghdú go suntasach.

*Coireacht trasteorann*

Is minic a úsáideann líonraí coiriúla a bhfuil baint acu le smuigleáil imirceach na bealaí agus na modhanna céanna chun gníomhaíochtaí coiriúla trasteorann a dhéanamh, cosúil le gáinneáil ar dhaoine agus ar dhrugaí. Ba cheart do chomhar feabhsaithe idirghníomhaireachta

[1] COIM(2008) 68 críochnaitheach 13.2.2008 ('plean oibre EUROSUR').

idir údaráis um rialú teorainneacha agus phóilíneachta rannchuidiú go suntasach leis an gcomhrac i gcoinne coireanna tromchúiseacha den sórt sin ag na teorainneacha seachtracha.

## 2.2. Fadhbanna sonracha a bhíonn ann maidir le faireachas teorainneacha

Tá an iliomad cúiseanna ann gur minic a athraíonn líonraí coiriúla a gcuid bealaí agus modhanna le haghaidh imirce neamhrialta agus coireachta trasteorann ar dhóigh níos tapúla agus níos solúbtha ná mar a théann údaráis na mBallstát i ngleic le cúinsí athraithe.

*Comhar neamhleor idirghníomhaireachta ar an leibhéal náisiúnta*

I roinnt Ballstát, tá suas le sé cinn d’údaráis dhifriúla bainteach go díreach le faireachas ar theorainneacha muirí. Cé gur bhunaigh roinnt Ballstát córas náisiúnta aonair um fhaireachas, chuir údaráis dhifriúla córais chomhthreomhara ar bun i mBallstáit eile, gan rialacha soiléire agus sreabha soiléire oibre le comhar agus malartú faisnéise a áirithiú eatarthu.

*Malartú neamhleor faisnéise idir Bhallstáit*

Sa réimse faireachais ar theorainneacha ní hé go bhfuil easpa comhordaithe laistigh de roinnt Ballstát agus iontu siúd amháin, ach tá easpa comhordaithe idir Bhallstáit freisin, toisc nach bhfuil nósanna imeachta, líonraí ná bealaí tuairiscithe cuí ann chun malartú faisnéise a áirithiú.

*Comhar neamhleor le tríú tíortha comharsanachta*

Tá dúshláin mhóra roimh na tríú tíortha ar chladaí theas na Meánmhara mar gheall ar an mbrú ó imirce freisin. Dá bhrí sin, ní mór oibriú i gcomhar níos dlúithe le tíortha tionscnaimh imirceach neamhdhleathach agus leis na tíortha a dtugann imircigh neamhdhleathacha aghaidh orthu.

*Feasacht neamhleor ar dhálaí éagsúla sa réimse muirí*

Ó tharla go bhfuil gáinneálaithe ag úsáid báid bheaga adhmaid agus shnáithín gloine i láthair na huaire chun imircigh neamhdhleathacha agus drugaí mídhleathacha a smuigleáil fágann sé sin go bhfuil dúshlán mór roimh údaráis um fhorghníomhú an dlí toisc gur fíordheacair báid atá chomh beag sin a bhrath, a aithint agus a rianú ar an mórmhuir.

## 2.3 An bhunlíne don togra reachtach maidir le EUROSUR

Tá forás ag teacht ar thionscadal EUROSUR ó 2008 i leith. Tá dul chun cinn suntasach déanta cheana agus táthar ag súil go leanfar den fhorbairt seo.

# 3. ANAILÍS AR AN gCOIMHDEACHT

## 3.1. Ceart an AE chun gníomhú

Bheadh an togra reachtach maidir le EUROSUR bunaithe ar Airteagal 77 (2) (d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh arb éard é forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen.

## 3.5. Coimhdeacht

I gcomhréir le *prionsabal na coimhdeachta*, leantar de chur chuige díláraithe in EUROSUR inarb iad na lárionaid náisiúnta chomhordaithe cnámh droma comhar EUROSUR. Is é atá de

rún leis seo an úsáid is fearr a bhaint as córais atá ann cheana agus as forbairtí teicneolaíochta a rinneadh le deireanas freisin.

## 4. CUSPÓIRÍ

### 4.1. Cuspóirí ginearálta

Trí mheicníocht um malartú faisnéise agus comhar a bhunú déanfar an méid seo a leanas in EUROSUR:

1) Cuirfear le bainistiú sreabh imirce trí líon na n-imirceach neamhdhleathach a théann isteach i limistéar Schengen gan bhrath a laghdú;
2) Cosnófar agus sábhálfar beathaí ag na teorainneacha seachtracha trí ráta báis do-ghlactha na n-imirceach ar muir a laghdú go suntasach;
3) Méadófar slándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh trí choireacht thromchúiseach ag teorainneacha seachtracha limistéar Schengen a chosc.

### 4.2. Cuspóirí sonracha agus oibríochtúla

Chun na cuspóirí ginearálta a bhaint amach, méadófar *feasacht ar dhálaí éagsúla* agus *cumas freagartha* údaráis um rialú teorainneacha na mBallstát agus Frontex in EUROSUR.

1) *Feasacht ar dhálaí éagsúla*:
   a. Comhar feabhsaithe idirghníomhaireachta trí structúir a shruthlíniú agus trí chórais sa réimse um fhorghníomhú an dlí a idircheangal le chéile;
   b. Úsáid a bhaint as cumasc sonraí maille le cumais nua-aimseartha teicneolaíochta chun soithí beaga, go háirithe, a bhrath agus a rianú;
   c. Malartú faisnéise trasearnála le gníomhaithe eile sa réimse muirí, cosúil le hiompar, custam, rialú iascaigh agus cosaint;
   d. Malartú feabhsaithe faisnéise le tríú tíortha comharsanachta.
2) *Cumas freagartha:*
   a. Malartú sonraí, eolais agus faisnéise, trína mbogtar ar aghaidh chuig cur chuige bunaithe ar fhaisnéis den chuid is mó arb í anailís riosca is bun leis;
   b. Pearsanra agus acmhainní a bhainistiú go héifeachtach;
   c. Tomhas éifeachta, trína ndéantar meastóireacht ar éifeacht gníomhaíochtaí faireachais ar theorainneacha.

## 5. ROGHANNA BEARTAIS

Is í an cheist atá le freagairt sa mheasúnú tionchair seo *cén chaoi* ar cheart eilimintí éagsúla EUROSUR a chur chun feidhme. Chuige sin, sainaithníodh trí rogha beartais ina leantar de na cineálacha cur chuige seo a leanas:
- cur chuige iomlán **díláraithe** (rogha beartais 1),
- cur chuige **láraithe** i bpáirt (rogha beartais 2) agus
- **cur chuige** iomlán **láraithe** (rogha beartais 3).
-

Go háirithe, ba cheart a mheas cé hiad na freagrachtaí a d'fhéadfaí a thabhairt do *na lárionaid náisiúnta comhordaithe* (LNCanna), amhail:
- *Faireachas ar* theoraineacha talún agus muirí a chomhordú **(Rogha Beartais 1.1);**

- Inniúlachtaí a bhaineann le *ceannas agus rialú* chun faireachas a dhéanamh ar theorainneacha talún agus muirí **(Rogha Beartais 1.2);**
- Inniúlachtaí a bhaineann le *ceannas agus rialú* le haghaidh rialaithe teorainneacha[2] **(Rogha Beartais 1.3).**

Cuirtear san áireamh sna roghanna éagsúla beartais chun **líonra EUROSUR** a chur ar bun cibé an úsáideann na LNCanna agus Frontex é chun na críocha seo a leanas:

- Malartú *díláraithe* agus *neamhaicmithe* faisnéise **(Rogha Beartais 2.1);**
- Malartú *díláraithe* agus *rúnaicmithe* faisnéise **(Rogha Beartais 2.2);**
- Malartú *láraithe* agus *rúnaicmithe* faisnéise **(Rogha Beartais 2.3).**

Déantar measúnú i Rogha Beartais 2.2 freisin ar an tionchar a bheidh ag costais ar an malartú faisnéise ar choireacht trasteorann a chur san áireamh agus ar an gComhphictiúr Faisnéise Réamhtheorann (CPIP) a sholáthar.

Thairis sin, measfar cibé an bhféadfaí faisnéis idir **líonra EUROSUR agus tríú tíortha comharsanachta** a mhalartú tríothu siúd a leanas:

- *Lárionaid náisiúnta chomhordaithe* a fheidhmíonn mar 'mhol' do *líonraí réigiúnacha* agus *do mhalartú déthaobhach* faisnéise le tríú tíortha comharsanachta **(Rogha Beartais 3.1);**
- *Lárionaid náisiúnta chomhordaithe* a fheidhmíonn mar 'mhol' do *líonraí réigiúnacha* le tríú tíortha comharsanachta lena n-áirítear líonra réigiúnach nua atá le cur ar bun i réigiún na Meánmhara **(Rogha Beartais 3.2);**
- *Frontex* leis sin **(Rogha Beartais 3.3).**

Ar deireadh, iniúchtar cibé ar cheart do cheann díobh siúd a leanas an tseirbhís **maidir le cur i bhfeidhm coiteann uirlisí faireachais ar leibhéal an AE** a sholáthar:

- Soláthraithe seachtrachta seirbhíse do gach LNC lena mbaineann go díreach **(Rogha Beartais 4.1);**
- Frontex mar aon le EUSC[3], EMSA[4] agus GMES[5] **(Rogha Beartais 4.2);**
- Frontex leis féin **(Rogha Beartais 4.3).**

## 6. MEASÚNÚ TIONCHAIR

Déantar gach forogha sna roghanna beartais a scagadh i gcomhréir leis na critéir seo a leanas:

**1. Éifeachtúlacht:** A mhéid is féidir a bheith ag súil leis go mbainfidh an togra na cuspóirí ginearálta, sonracha agus oibríochtúla amach.

**2. Comhsheasmhacht:** A mhéid atá roghanna comhsheasmhach le cur chuige ginearálta EUROSUR, beartais agus gníomhaíochtaí eile an AE, lena n-áirítear a mhéid a ghlacann Ballstáit leo.

[2] Faireachas ar theorainneacha talún, muirí agus aeir agus seiceálacha teorann ag láithreacha trasnaithe teorann.
[3] Lárionad Satailíte an AE.
[4] An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí.
[5] Clár an AE maidir le Faireachán Domhanda don Chomhshaol agus don tSábháil.

**3. Costais:** A mhéid is féidir na cuspóirí ginearálta beartais a bhaint amach le haghaidh leibhéil áirithe acmhainní/ar an gcostas is ísle (éifeachtúlacht costais).

**4.** Tionchar ar **chearta bunúsacha** agus go háirithe maidir le sonraí pearsanta a chosaint.

## 6.1. Foroghanna 1.1 go 1.3 do lárionaid náisiúnta chomhordaithe

### *6.1.1. Éifeachtúlacht*

Agus an iliomad údarás náisiúnta atá bainteach le faireachas muirí ar theorainneacha á gcur san áireamh, dá mbeadh ról an LNC teoranta d'fheidhmeanna *comhordaithe*, mar atá beartaithe i <u>Rogha 1.1,</u> bheadh údaráis iomaíocha níos toilteanaí glacadh leis sin. Dá dtabharfaí feidhmeanna maidir le *ceannas agus rialú* do na LNCanna go léir, mar a fhoráiltear faoi <u>Rogha 1.2</u>, d'fhéadfaí dul i ngleic le bagairt aitheanta ar bhealach ní ba ghasta. Dá gcuirfí *faireachas aeir ar theorainneacha* mar aon le *seiceálacha teorann* san áireamh mar atá beartaithe i <u>Rogha 1.3</u> bheadh sé de bhuntáiste ag an LNC *feasacht ní b'fhearr ar dhálaí éagsúla* a fhorbairt do gach gné de rialú teorainneacha.

### *6.1.2. Comhsheasmhacht*

Tá <u>Rogha 1.1</u> i gcomhréir go hiomlán le cur chuige ginearálta EUROSUR arb é is aidhm leis meicníocht comhair a bhunú le haghaidh na n-údarás go léir atá bainteach le faireachas teorainneacha. Dá dtabharfaí na feidhmeanna maidir le ceannas agus rialú do na LNCanna atá beartaithe i <u>Roghanna 1.2 agus 1.3</u> d'fhéadfadh sé go mbainfí an bonn den aidhm seo.

### *6.1.3. Costais*

Meastar go mbeidh na *costais airgeadais* a bheidh riachtanach in 2011-2020 chun na LNCanna agus Lárionad Staide Frontex a chur ar bun, a uasghrádú agus a chothabháil in ionannas le EUR 195.2 milliún do rogha 1.1, EUR 401.4 milliún do rogha 1.2 agus EUR 747.3 milliún do rogha 1.3.

### *6.1.4. Cearta bunúsacha*

Ní bheidh *láimhseáil sonraí pearsanta* i gceist leis an meicníocht um malartú faisnéise agus comhar atá beartaithe faoi EUROSUR. Ó tharla go bhféadfaidh sé a bheith deacair a rathú go gcuirfear láimhseáil sonraí pearsanta as an áireamh go hiomlán, ní mór a áirithiú go ndéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach leordhóthanach, ábhartha nach bhfuil iomarcach maidir leis na críocha a ndéantar iad a bhailiú agus a phróiseáil lena n-aghaidh.

## 6.2. Foroghanna 2.1 go 2.3 do líonra EUROSUR

### *6.2.1. Éifeachtúlacht*

Dá mbeifí teoranta do mhalartú faisnéise neamhaicmithe atá beartaithe i <u>Rogha 2.1,</u> chuirfí an malartú faisnéise ar choireacht trasteorann as an áireamh, a mheastar gur faisnéis íogair í go hiondúil. Dá ndéanfaí an sreabh sonraí faoi <u>Rogha 2.2</u> a chriptiú d'fhéadfadh na Ballstáit an fhaisnéis íogair sin a roinnt, ar réamhchoinníoll é sin freisin chun faisnéis a roinnt sa Chomhphictiúr Faisnéise Réamhtheorann (CFR). D'fhéadfaí an sreabh sonraí a rialú ar bhealach ní b'fhearr dá mbeadh corás láraithe – mar atá beartaithe faoi <u>Rogha 2.3</u> – ann.

### *6.2.2. Comhsheasmhacht*

Is é an míbhuntáiste atá ag Rogha 2.3 nach bhfuil sé comhsheasmhach toisc go leantar de chur chuige díláraithe *cónaidhme córas* in EUROSUR. Thairis sin, bíonn deacrachtaí ag roinnt

Ballstát glacadh leis go ndéanfaí a gcuid faisnéise a stóráil go lárnach ar chóras nach mbainistíonn siad féin.

### *6.2.3. Costais*

Meastar go mbeidh na *costais airgeadais* in 2011-2020 do líonra EUROSUR ar aon dul le Rogha 2.1 in ionannas le EUR 42 milliún agus go méadóidh siad go EUR 46 milliún do Rogha 2.2 agus go EUR 49 milliún do Rogha 2.3. Is ionann costais shraith anailíseach an CFR, atá curtha san áireamh faoi Roghanna 2.2 agus 2.3 agus EUR 29 milliún.

### *6.2.4. Cearta bunúsacha*

Cuirtear láimhseáil sonraí pearsanta faoi Rogha 2.1 as an áireamh, toisc go bhfuil an líonra neamhaicmithe. Áirítear le próiseas creidiúnúcháin líonra cosanta atá beartaithe faoi Rogha 2.2 agus 2.3 go mbeadh nósanna imeachta i bhfeidhm ní hé amháin chun sonraí slándála íogaire a láimhseáil, ach, chun sonraí íogaire trí chéile a láimhseáil, amhail sonraí pearsanta a láimhseáil.

## 6.3. Foroghanna 3.1 go 3.3 maidir le hoibriú i gcomhar le tríú tíortha

### *6.3.1. Éifeachtúlacht*

Dá leanfaí de Rogha 3.1 thiocfadh feabhas ar fheasacht ar dhálaí éagsúla sa Mhuir Bhailt, sa Mhuir Dhubh agus san Aigéan Atlantach timpeall na nOileán Canárach toisc go mbeadh na trí líonra réigiúnacha atá ann faoi láthair SEAHORSE, CoastNet agus BSCF idircheangailte le líonra EUROSUR, agus bheadh na LNCanna ag feidhmiú mar 'mhol' don mhalartú faisnéise.

Is é Rogha 3.2 an rogha tosaíochta toisc go dtugtar an cumas a éilítear le go bhféadfaidh EUROSUR oibriú i gcomhar le tríú tíortha i réigiún na Meánmhara ansin.

Faoi Rogha 3.3 bheadh ar FRONTEX na comhaontuithe go léir a rinneadh cheana idir Ballstáit agus tríú tíortha faoi na líonraí réigiúnacha thuasluaite a athchaibidil.

### *6.3.2. Comhsheasmhacht*

Cuirtear le cumais atá ann cheana den chuid is mó le Rogha 3.1 agus 3.2 rud a chuireann ar chumas Ballstát agus tríú tíortha tosaíochtaí agus sainiúlachtaí réigiúnacha a chur san áireamh. Níl Rogha 3.3 ar aon dul le cur chuige EUROSUR maidir leis an úsáid is fearr a bhaint as infreastruchtúir agus córais atá ann cheana.

### *6.3.3. Costais*

Níl aon chostas ag baint le Rogha 3.1 toisc gur bunaíodh ceangal ó gach ceann de na trí líonra réigiúnacha chuig a LNCanna féin roimh dheireadh 2011. Maidir le Rogha 3.2, meastar go mbeidh na costais a bhainfidh le SEAHORSE Mediterraneo a bhunú agus a chothabháil in 2011-2020 in ionannas le EUR 5.37 milliún. Maidir le Rogha 3.3, is ionann na costais a bhainfidh le líonra EUROSUR a chur in ionad na dtrí líonra réigiúnacha agus thart ar EUR 25.29 milliún.

### *6.3.4. Cearta bunúsacha*

Dá má rud é go n-oibreofaí i gcomhar le tríú tíortha chun imirce neamhrialta a chosc d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar diúltach suntasach aige seo ar chearta bunúsacha i gcás ina n-úsáidfeadh údaráis an tríú tír faisnéis den sórt sin chun daoine nó grúpaí daoine a aithint ar dóigh dóibh go ndéanfar céastóireacht orthu nó go gcuirfear íde atá mídhaonna agus

táireach orthu. Ní mór foráil a dhéanamh maidir leis na coimircí iomchuí sa togra reachtach maidir le EUROSUR chun cás den sórt sin a chosc.

### 6.4. Foroghanna 4.1 go 4.3 maidir le cur i bhfeidhm coiteann uirlisí faireachais

#### *6.4.1. Éifeachtúlacht*

Bheadh sé de rún ag Rogha 4.1 go n-úsáidfeadh Ballstáit cumais atá ann cheana go haonarach a bunaíodh i Lárionad Satailíte an AE (EUSC) agus sa Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA). Bheadh Rogha 4.2 ní b'éifeachtaí ná Rogha 4.1 toisc go ndéanfaí na hiarratais a thagann ó na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin a chomhordú in Frontex. I Rogha 4.3 dhéanfaí an tseirbhís sin a bhunú in Frontex uaidh féin, rud nárbh fhurasta a dhéanamh sa mheántéarma.

#### *6.4.2. Comhsheasmhacht*

Bheadh Rogha 4.2 ag teacht ní b'fhearr leis an gcuspóir maidir le comhar idirghníomhaireachta a chur chun cinn ná Roghanna 4.1 agus 4.3. Mar gheall ar a chur chuige ilchuspóra agus trasearnála, féadfar maoiniú AE atá curtha ar fáil ag clár GMES le haghaidh na seirbhíse sin a chosaint.

#### *6.4.3. Costais*

Meastar gurb ionann na costais iomlána in 2012-2020 maidir le Rogha 4.1 agus EUR 80 milliún agus go mbeidh méideanna nach mór comhchosúla i gceist maidir le Rogha 4.2 (EUR 62.1 milliún) agus Rogha 4.3 (EUR 62.3 milliún).

#### *6.4.4. Cearta bunúsacha*

Ba é an míbhuntáiste a bheadh ag Rogha 4.1 gurbh fhéidir nach mbeadh creataí dlíthiúla bunaithe le go bhféadfaidh oibreoirí tráchtála faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht i dtríú tíortha agus sonraí a stóráil ar aon dul le dlíthe maidir le cosaint sonraí.

## 7. COMPARÁID IDIR ROGHANNA AGUS ROGHA BEARTAIS TOSAÍOCHTA A SHAINAITHINT

Ar aon dul leis an measúnú i roinn 6, ba iad na roghanna seo a leanas na cinn tosaíochta:

Maidir le bunú LNCanna, is é Rogha 1.1 an rogha tosaíochta, toisc nach gcuirtear de cheangal ar Bhallstáit leis sin a riaracháin náisiúnta a athstruchtúrú agus d'fhéadfaí é a chur chun feidhme go furasta dá bhrí sin.

Mar thoradh ar an gcur chuige díláraithe chun EUROSUR a chur ar bun, is é Rogha 2.2 an rogha beartais tosaíochta do líonra EUROSUR.

Ós rud é go bhfuil géarghá le rialú teorainneacha i réigiún na Meánmhara a fheabhsú, tugtar an freagra is fearr i Rogha 3.2 ar an gcaoi a bhféadfaí comhar le tríú tíortha comharsanachta a chur chun cinn. Mar sin féin, tá a thoilteanaí atá tíortha Afracacha thuaidh comhoibriú ina réamhchoinníoll chun Rogha 3.2 a chur chun feidhme.

Maidir le cur i bhfeidhm coiteann uirlisí faireachais, is é Rogha 4.2 an rogha ina gcuirtear an breisluach is mó ar fáil.

*Costais, freagracht agus foinse maoinithe don rogha tosaíochta*

| Céim | Comhpháirt | RT x.1 | RT x.2 | RT x.3 | Rogha na tosaíochta | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Cur chuige díláraithe | Cur chuige láraithe i bpáirt | Cur chuige láraithe | Le bheith curtha ar bun ag | Maoiniú ó |
| 1 | LNCanna | **EUR 99.6m** | EUR 271.6m | EUR 610m | Ballstáit | CTS |
| 1 | CSA | **EUR 95.6m** | EUR 129.8m | EUR 137m | Frontex | Frontex |
| 2, 7 | Líonra | EUR 42.4m | **EUR 46.7m** | EUR 49.3m | Frontex | Frontex |
| 6 | CFR (ATA) | EUR 0.0 | **EUR 29.3m** | EUR 29.2m | Frontex | Frontex |
| 3 | Tríú tíortha | EUR 0.0 | **EUR 5.4m** | EUR 25.3m | Ballstáit | TCC, CTS |
| 5 | Cur i bhfeidhm coiteann uirlisí faireachais | EUR 80.5m | **EUR 62.1m** | EUR 62.3m | Frontex EUSC EMSA | Frontex agus CR7/GMES |
| **Iomlán** | | EUR 318.1m | EUR 544.9m | EUR 913m | | |
| **Rogha na Tosaíochta** | | **EUR 338.7m** | | | | |

Dá gcuirfí na roghanna tosaíochta le chéile chosnódh EUROSUR EUR 338.7 milliún.

## 8. FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

Áiritheofar in Frontex go gcuirfear modhanna i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú EUROSUR in aghaidh na bpríomhchuspóirí beartais. Tíolacfar tuarascáil in Frontex do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún ar fheidhmiú EUROSUR dhá bhliain tar éis do EUROSUR a bheith ag feidhmiú go hiomlán agus gach bliain ina dhiaidh sin.

Thairis sin, tabharfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar EUROSUR ar aird trí bliana tar éis do chóras EUROSUR a chuid oibríochtaí go léir a thosú agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin. Beidh tograí iomchuí chun an Rialachán lena mbunaítear EUROSUR a leasú ag gabháil leis sin, freisin, i gcás inar gá.